Comhairle an
Aontais Eorpaigh

An Bhruiséil, 9 Meitheamh 2026
(OR. en)

8936/26

LIMITE

CORLX 443
CFSP/PESC 647
COEST 352
FIN 638

PUBLIC

**GNÍOMHARTHA REACHTACHA AGUS IONSTRAIMÍ EILE**

| | |
|---|---|
| Ábhar: | CINNEADH ÓN gCOMHAIRLE lena leasaítear Cinneadh 2014/386/CBES a bhaineann le bearta sriantacha mar fhreagairt ar ionghabháil neamhdhleathach na Crimé agus Sevastopol |

**CINNEADH (CBES) 2026/… ÓN gCOMHAIRLE**

**an …**

**lena leasaítear Cinneadh 2014/386/CBES a bhaineann le bearta sriantacha mar fhreagairt ar ionghabháil neamhdhleathach na Crimé agus Sevastopol**

PUBLIC

TÁ COMHAIRLE AN AONTAIS EORPAIGH,

Ag féachaint don Chonradh ar an Aontas Eorpach, agus go háirithe Airteagal 29 de,

Ag féachaint don togra ó Ardionadaí an Aontais do Ghnóthaí Eachtracha agus don Bheartas Slándála,

De bharr an mhéid seo a leanas:

(1) An 23 Meitheamh 2014, ghlac an Chomhairle Cinneadh 2014/386/CBES[1].

(2) I Rún ES-11/7 uaidh, a glacadh an 24 Feabhra 2025, mheabhraigh Comhthionól Ginearálta na Náisiún Aontaithe gur gá na rúin ábhartha uaidh a glacadh mar fhreagairt ar an bhfogha faoin Úcráin a chur chun feidhme ina n-iomláine, go háirithe a éileamh go ndéanfadh Cónaidhm na Rúise a fórsaí míleata uile a tharraingt siar láithreach, go hiomlán agus gan choinníoll, ó chríoch na hÚcráine laistigh dá teorainneacha a aithnítear go hidirnáisiúnta, agus a éileamh go gcuirfeadh Cónaidhm na Rúise deireadh láithreach leis an gcogaíocht i gcoinne na hÚcráine, go háirithe aon ionsaí ar shibhialtaigh agus ar réada sibhialtacha.

(3) Fad a leanfaidh gníomhaíochtaí neamhdhleathacha Chónaidhm na Rúise de rialacha bunúsacha an dlí idirnáisiúnta a shárú, lena n-áirítear, go háirithe, an toirmeasc ar úsáid fornirt a chumhdaítear in Airteagal 2(4) de Chairt na Náisiún Aontaithe, nó rialacha an dlí dhaonnúil idirnáisiúnta a shárú, is iomchuí na bearta uile arna bhforchur ag an Aontas a choinneáil i bhfeidhm.

(4) Ar bhonn an athbhreithnithe ar Chinneadh 2014/386/CBES, measann an Chomhairle gur cheart na bearta sriantacha a leagtar amach ann a athnuachan go dtí an 23 Meitheamh 2027.

PUBLIC

---

[1] Cinneadh 2014/386/CBES ón gComhairle an 23 Meitheamh 2014 a bhaineann le bearta sriantacha mar fhreagairt ar ionghabháil neamhdhleathach na Crimé agus Sevastopol (IO L 183, 24.6.2014, lch. 70, ELI: http://data.europa.eu/eli/dec/2014/386/oj).

(5) Dá bhrí sin, ba cheart Cinneadh 2014/386/CBES a leasú dá réir sin,

TAR ÉIS AN CINNEADH SEO A GHLACADH:

PUBLIC

*Airteagal 1*

In Airteagal 5 de Chinneadh 2014/386/CBES, cuirtear an méid seo a leanas in ionad an dara mír:

'Beidh feidhm ag an gCinneadh seo go dtí an 23 Meitheamh 2027.'.

*Airteagal 2*

Tiocfaidh an Cinneadh seo i bhfeidhm an lá tar éis lá a fhoilsithe in *Iris Oifigiúil an Aontais Eorpaigh*.

Arna dhéanamh in/sa …, …

*Thar ceann na Comhairle*
*An tUachtarán*

______________________

PUBLIC